Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**12992/26**
**ADD 1**

**AVIATION 130**
**DELACT 141**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6142 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann le teorainneacha aga eitilte agus dualgais agus ceanglais scíthe maidir le hoibríochtaí tacsaí aeir, oibríochtaí seirbhísí leighis éigeandála agus oibríochtaí aonphíolóta |

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2026
C(2026) 6142 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann le teorainneacha aga eitilte agus dualgais agus ceanglais scíthe maidir le hoibríochtaí tacsaí aeir, oibríochtaí seirbhísí leighis éigeandála agus oibríochtaí aonphíolóta**

# IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn II (Cuid-ARO) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ARO.OPS.235:

**‘ARO.OPS.235 Scéimeanna aonair um shonrú aga eitilte (IFTSSanna) oibreoirí aeriompair tráchtála (CAT) eitleán a fhormheas**

(a) Formheasfaidh an t-údarás inniúil scéim aonair um shonrú aga eitilte (IFTSS) oibreora aeriompair tráchtála eitleán má thagann sé ar an gconclúid go gcomhlíonann an IFTSS sin na coinníollacha uile seo a leanas:

(1) tá sé iomchuí don chineál (do na cineálacha) oibríochta a fheidhmítear;

(2) comhlíonann sé na ceanglais fhíor-riachtanacha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 agus rialacha cur chun feidhme ábhartha an Rialacháin sin;

(3) tá sé i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme;

(4) comhlíonann sé dlí náisiúnta eile is infheidhme a eascraíonn as trasuí Threoir 2000/79/CE.

(b) Aon uair a bheidh sé beartaithe ag an údarás inniúil IFTSS a fhormheas a imíonn ó na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme arna nglacadh ag an nGníomhaireacht, lorgóidh sé tuairim na Gníomhaireachta ar dtús i gcomhréir le hAirteagal 76(7) de Rialachán (AE) 2018/1139. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht a tuairim laistigh de 3 mhí ó fhaightear an doiciméadacht uile is gá ón údarás inniúil.

(c) Déanfaidh an t-údarás inniúil agus an t-oibreoir lena mbaineann tuairim na Gníomhaireachta a ghlactar de bhun Airteagal 76(7) de Rialachán (AE) 2018/1139 a chur san áireamh. Sula bhformheasfaidh an t-údarás inniúil IFTSS dá dtagraítear i bpointe (b), áiritheoidh sé go ndearna an t-oibreoir measúnú ar na rioscaí tuirse gaolmhara agus gur mhaolaigh sé go leibhéal inghlactha iad.

(d) IFTSS formheasta a imíonn ó na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme arna nglacadh ag an nGníomhaireacht, beidh sé faoi réir measúnú, tar éis tréimhse tosaigh cur i bhfeidhm, chun a chinneadh ar cheart na himeachtaí a dheimhniú nó a leasú. Déanfaidh an t-údarás inniúil agus an Ghníomhaireacht measúnú neamhspleách bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthróidh an t-oibreoir. Beidh an measúnú comhréireach, trédhearcach agus bunaithe ar phrionsabail agus eolas eolaíoch.

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn III (Cuid-ORO)) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhochuid FTL:

**'FOCHUID FTL (A): TEORAINNEACHA AGA EITILTE AGUS DUALGAIS AGUS CEANGLAIS SCÍTHE MAIDIR LE hOIBRÍOCHTAÍ SCEIDEALAITHE AGUS CAIRTFHOSTAITHE LE hEITLEÁIN'**;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ORO.FTL.100:

'**ORO.FTL.100 Raon Feidhme**

Leis an bhFochuid seo bunaítear na ceanglais atá le comhlíonadh ag aeroibreoir agus ag baill a fhoirne eitilte agus cábáin (aerchriú) maidir le teorainneacha aga eitilte agus dualgais agus ceanglais scíthe le haghaidh aerchriú a shanntar d'aeriompar tráchtála (CAT) le heitleáin chun críoch oibríochtaí sceidealaithe agus cairtfhostaithe.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ORO.FTL.120:

**'ORO.FTL.120 Córas bainistithe riosca tuirse (FRMS)**

(a) I gcás ina gceanglaítear córas bainistithe riosca tuirse (FRMS) leis an bhFochuid seo nó leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme, déanfaidh an t-oibreoir FRMS a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun mar chuid lárnach dá chóras bainistíochta. Tabharfar tuairisc ar FRMS i lámhleabhar tiomnaithe nó sa lámhleabhar oibríochtaí.

(b) Déanfaidh FRMS foráil maidir le feabhas leanúnach ar éifeachtacht fhoriomlán bhainistiú riosca tuirse an oibreora agus áireofar ann na heilimintí uile seo a leanas:

(1) tuairisc ar na nithe uile seo a leanas:

(i) fealsúnacht, prionsabail agus freagrachtaí an oibreora maidir le FRMS, dá ngairtear 'beartas FRMS';

(ii) rannpháirtíocht agus freagrachtaí na bainistíochta, an aerchriú agus pearsanra eile maidir le FRMS;

(iii) struchtúir thiomnaithe FRMS, lena n-áirítear grúpa gníomhaíochta um shábháilteacht tuirse (FSAG), agus a róil;

(2) doiciméadacht maidir le gach próiseas FRMS, lena n-áirítear próiseas chun an t-aerchriú agus pearsanra eile a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí, agus an nós imeachta chun an doiciméadacht sin a leasú;

(3) prionsabail agus eolas eolaíoch;

(4) próiseas sainaitheanta guaise agus measúnaithe riosca lenar féidir bainistíocht a dhéanamh ar riosca (rioscaí) oibriúcháin an oibreora a eascraíonn as tuirse ball den aerchriú ar bhonn leanúnach;

(5) próiseas maolaithe riosca lena ndéantar foráil maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a chur chun feidhme go pras, ar gníomhaíochtaí iad a bhfuil gá leo chun maolú éifeachtach a dhéanamh ar riosca (rioscaí) an oibreora a

eascraíonn as tuirse ball den aerchriú, agus maidir le faireachán leanúnach agus measúnú tráthrialta a dhéanamh ar éifeachtacht gníomhaíochtaí maolaithe;

(6) próisis dearbhaithe sábháilteachta FRMS;

(7) próisis chur chun cinn FRMS.

(c) Comhfhreagróidh FRMS do scéim aonair an oibreora um shonrú aga eitilte, do mhéid an oibreora agus do chineál agus do chastacht a ghníomhaíochtaí, agus na guaiseacha agus na rioscaí gaolmhara is gné dhílis de na gníomhaíochtaí sin á gcur san áireamh.

(d) Déanfaidh an t-oibreoir gníomhaíochtaí maolaithe i gcás ina léiríonn próiseas dearbhaithe sábháilteachta FRMS nach bhfuil an fheidhmíocht sábháilteachta is gá á coinneáil ar bun.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ORO.FTL.125:

**'ORO.FTL.125 Scéimeanna aonair um shonrú aga eitilte (IFTSSanna) oibreoirí sceidealaithe agus cairtfhostaithe**

(a) Déanfaidh an t-oibreoir scéim aonair um shonrú aga eitilte (IFTSS) a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil:

(1) a bheidh iomchuí le haghaidh an chineáil/na gcineálacha oibríochta a fheidhmítear;

(2) a chomhlíonfaidh na ceanglais fhíor-riachtanacha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 agus rialacha cur chun feidhme ábhartha an Rialacháin sin;

(3) a chomhlíonfaidh reachtaíocht eile is infheidhme, lena n-áirítear an dlí náisiúnta is infheidhme a eascraíonn as trasuí Threoir 2000/79/CE.

(b) Chun comhlíonadh phointe (a) a léiriú, cuirfidh an t-oibreoir na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme arna nglacadh ag an nGníomhaireacht i bhfeidhm.

(1) De rogha air sin, má tá sé beartaithe ag an oibreoir imeacht ó na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme, cuirfidh sé cás sábháilteachta, in éineacht leis an iarratas ar fhormheas IFTSS, faoi bhráid an údaráis inniúil ina n-áireofar gach ceann díobh seo a leanas:

(i) tuairisc mhionsonraithe ar an imeacht atá beartaithe;

(ii) measúnú ar na rioscaí tuirse gaolmhara agus ar na bearta maolaithe comhfhreagracha chun a áirithiú go bhfanfaidh an riosca ar leibhéal inghlactha;

(iii) aon leasú ábhartha ar lámhleabhair nó ar nósanna imeachta.

Má tá sé beartaithe ag an oibreoir imeacht ó na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme, léireoidh sé don údarás inniúil freisin gur chuir sé san áireamh go cuí an tuairim ón nGníomhaireacht arna heisiúint i gcomhréir le hAirteagal 76(7) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(c) Roimh an gcur chun feidhme, déanfaidh an t-údarás inniúil IFTSS — lena n-áirítear, i gcás inar gá, FRMS nó bainistiú riosca tuirse (FRM) iomchuí — a fhormheas i gcomhréir le pointe ARO.OPS.235 d'Iarscríbhinn II (Cuid-ARO).

(d) Chun críoch an mheasúnaithe dá dtagraítear i bpointe ARO.OPS.235(d) d'Iarscríbhinn II (Cuid-ARO), laistigh de 2 bhliain ó chuirtear chun feidhme IFTSS a imíonn ó na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht, baileoidh an t-oibreoir sonraí a bhaineann leis an imeacht formheasta agus déanfaidh sé anailís orthu agus úsáid á baint as prionsabail atá fónta ó thaobh na heolaíochta de chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí ar thuirse aerchriú. Cuirfear torthaí na hanailíse sin faoi bhráid an údaráis inniúil i bhfoirm tuarascála.';

(5) i bpointe ORO.FTL.205(b), cuirtear isteach na pointí (4) agus (5) seo a leanas:

'(4) Ceachtar díobh seo a leanas a bheidh sa bhuntréimhse dualgais eitilte (FDP) laethúil uasta do bhall clíomaithe den aerchriú a oibríonn le foireann eitilte aonphíolóta:

(1) i gcomhréir leis an tábla seo a leanas, ar choinníoll go bhfuil aga eitilte gach céime teoranta do 4 uair an chloig agus uathphíolóta ann agus do 2 uair an chloig gan uathphíolóta:

***Tábla 5***

**Bun-FDP laethúil uasta — aerchriú clíomaithe — oibríochtaí aonphíolóta**

| **Tús FDP ag am tagartha** | **Fad FDP in uaireanta an chloig** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Suas le 4 chéim** | **5 chéim** | **6 chéim** | **7 gcéim** | **8 gcéim** | **9 gcéim** | **10 gcéim nó níos mó** |
| 0600–0659 | 10:00 | 09:15 | 08:45 | 08:15 | 08:00 | 08:00 | 08:00 |
| 0700–0759 | 10:30 | 09:45 | 09:15 | 08:45 | 08:15 | 08:00 | 08:00 |
| 0800–1259 | 11:00 | 10:15 | 09:45 | 09:15 | 08:45 | 08:15 | 08:00 |
| 1300–1429 | 10:30 | 09:45 | 09:15 | 08:45 | 08:15 | 08:00 | 08:00 |
| 1430–1659 | 10:00 | 09:15 | 08:45 | 08:15 | 08:00 | 08:00 | 08:00 |
| 1700–2159 | 09:00 | 08:15 | 08:00 | 08:00 | 08:00 | 08:00 | 08:00 |
| 2200–0359 | 08:00 | 08:00 | 08:00 | 08:00 | 08:00 | 08:00 | 08:00 |
| 0400–0559 | 09:00 | 08:15 | 08:00 | 08:00 | 08:00 | 08:00 | 08:00 |

(2) 10 n-uair an chloig, gan beann ar an líon céimeanna, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(A) déantar an oibríocht go hiomlán laistigh den raon idir 0700 agus 2159 uair an chloig;

(B) déantar an oibríocht faoi dhálaí inarb infheidhme rialacha amharceitilte (VFR);

(C) déantar na hoibríochtaí idir aeradróim réamhroghnaithe;

(D) maireann gach céim 1 uair an chloig amháin nó níos lú.

(5) 8 n-uaire an chloig a bheidh sa bhun-FDP laethúil uasta do bhall den aerchriú nach eol staid a chlíomaithe agus a oibríonn le foireann eitilte aonphíolóta.';

(6) i bpointe ORO.FTL.205(e), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'FDP laethúil uasta agus úsáid á baint as síntí mar gheall ar scíth le linn eitilte i gcás oibríochtaí ina bhfuil beirt phíolótaí ar a laghad ar an bhfoireann eitilte';

(7) i bpointe ORO.FTL.205(f), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'(f) Imthosca gan choinne in oibríochtaí eitilte ina bhfuil beirt phíolótaí ar a laghad ar an bhfoireann eitilte — de rogha an cheannasaí';

(8) i bpointe ORO.FTL.205, cuirtear an pointe (fa) seo a leanas isteach:

'(fa) Imthosca gan choinne in oibríochtaí eitilte ina bhfuil píolóta amháin ar an bhfoireann eitilte — de rogha an cheannasaí

Féadfaidh an ceannasaí na teorainneacha ar thréimhsí dualgais eitilte, dualgais agus scíthe a mhodhnú i gcás imthosca gan choinne, ar cuireadh é ar an eolas fúthu tráth an tuairiscithe nó ina dhiaidh sin, mar a leanas:

(1) Féadfar síneadh suas le 1 uair an chloig amháin a chur leis an mbun-FDP laethúil uasta do bhall den aerchriú a oibríonn le foireann eitilte aonphíolóta, mar a shonraítear i bpointí ORO.FTL.205(b)(4) nó (5).

(2) Más rud é, sa chéim dheiridh laistigh den FDP, go sáraítear an méadú a cheadaítear faoi phointe (1) mar gheall ar imthosca gan choinne tar éis éirí de thalamh, féadfaidh an eitilt leanúint ar aghaidh go dtí an t-aeradróm cinn scríbe beartaithe nó go dtí aeradróm malartach.

(3) An tréimhse scíthe ar shiúl ón mbunáit roimh FDP, féadfar í a laghdú ach ní bheidh sí níos lú ná 10 n-uair an chloig.

(4) I gcás imthosca gan choinne a bhféadfadh tuirse thromchúiseach a bheith mar thoradh orthu, laghdóidh an ceannasaí an FDP iarbhír nó méadóidh sé an tréimhse scíthe, nó an dá rud, de réir mar is gá, chun deireadh a chur le haon éifeacht dhíobhálach ar shábháilteacht eitilte.

(5) Cuirfidh an ceannasaí tuarascáil faoi bhráid an oibreora aon uair a mhéadaítear FDP nó a laghdaítear tréimhse scíthe dá rogha féin. I gcás inar faide an laghdú ar thréimhse scíthe ná 1 uair an chloig amháin, cuirfidh an t-oibreoir cóip den tuarascáil, lena n-áirítear a bharúlacha, faoi bhráid an údaráis inniúil laistigh de 28 lá ón teagmhas.

(6) Cuirfidh an t-oibreoir beartas neamhphionósach chun feidhme maidir le feidhmiú nó neamhfheidhmiú rogha an cheannasaí in imthosca gan choinne.';

(9) i bpointe ORO.FTL.240, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Le linn an FDP beidh deis ag ball den aerchriú béile agus deoch a fháil chun aon dochar dá fheidhmíocht a sheachaint, go háirithe i gcás inar faide an FDP ná 6 uair an chloig, nó 5 uair an chloig i gcás oibríochtaí aonphíolóta.';

(10) cuirtear isteach an Fhochuid FTL (B) seo a leanas:

**‘FOCHUID FTL (B): TEORAINNEACHA AGA EITILTE AGUS DUALGAIS AGUS CEANGLAIS SCÍTHE MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA LEIGHIS AGUS OIBRÍOCHTAÍ TACSAÍ AEIR LE hEITLEÁIN**

**‘ORO.FTL.101 Raon feidhme**

Leis an bhFochuid seo bunaítear na ceanglais atá le comhlíonadh ag aeroibreoir agus ag baill a fhoirne eitilte agus cábáin (aerchriú) maidir le teorainneacha aga eitilte agus dualgais agus ceanglais scíthe le haghaidh aerchriú a shanntar d’aeriompar tráchtála (CAT) le heitleáin chun críche seirbhísí éigeandála leighis le heitleáin (AEMS) agus oibríochtaí tacsaí aeir, lena n-áirítear oibríochtaí dar tús agus dar críoch an pointe céanna (A-go-A).

**ORO.FTL.106 Sainmhínithe**

(a) Maidir le AEMS agus oibríochtaí tacsaí aeir, beidh feidhm ag na téarmaí a shainmhínítear i bpointe ORO.FTL.105, cé is moite de na téarmaí sin a shainmhínítear i bpointí ORO.FTL.105(1), (2), (5) agus (18).

(b) Beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas i dteannta phointe (a):

(1) ciallaíonn ‘clíomaithe’ staid ina bhfuil clog bitheolaíoch laethúil baill den aerchriú sioncronaithe le hamchrios sonrach — is é sin an t-amchrios reatha, mar a bhfuil an ball den aerchriú lonnaithe go fisiciúil, nó amchrios ina raibh sé roimhe sin agus a bhfuil sé fós i dtaithí air go bitheolaíoch toisc nach raibh leordhóthain ama nó scíthe aige chun oiriúnú don amchrios reatha.

Chun an bhuntréimhse dualgais eitilte laethúil uasta a ríomh, meastar an ball den aerchriú a bheith clíomaithe le hamchrios na bunáite ag tús uainíochta agus ina dhiaidh sin i gcomhréir leis na luachanna i dTábla 1a:

***Tábla 1a***

| **An difríocht (h) idir amchrios an ama tagartha* agus an t-amchrios ina dtosaíonn an chéad dualgas eile** | **An t-am (h) atá caite ó tuairiscíodh ag an am tagartha** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **<48** | **48–71:59** | **72–95:59** | **96–119:59** | **120–143:59** |
| ≤ 2 | D | D | D | D | D |
| >2 agus <4 | B | D | D | D | D |
| ≥4 agus ≤6 | B | X | D | D | D |
| >6 agus ≤9 | B | X | X | D | D |
| >9 agus ≤12 | B | X | X | X | D |

Ciallaíonn ‘B’ go bhfuil ball den aerchriú clíomaithe le hamchrios an ama tagartha.

Ciallaíonn ‘D’ go bhfuil ball den aerchriú clíomaithe leis an amchrios ina dtosaíonn an ball sin den aerchriú ar a chéad dualgas eile den uainíocht.

Ciallaíonn ‘X’ nach eol cén staid chlíomaithe atá ag ball den aerchriú.

(*) Nuair a chlíomaíonn aerchriú, le linn uainíochta, leis an amchrios ina dtosaíonn siad ar a gcéad dualgas eile, tagann an t-amchrios sin chun bheith ina amchrios nua ama tagartha. An staid chlíomaithe i dtaca le dualgais ina dhiaidh sin san uainíocht, cinntear ansin í i gcomhréir le Tábla 1a trí amchrios nua an ama tagartha a chur in ionad an chinn bunaidh;

(2) ciallaíonn ‘am tagartha’ an t-am áitiúil ag an bpointe tuairiscithe ag an mbunáit, mar a meastar ball den aerchriú a bheith clíomaithe ag tús na huainíochta, nó an t-am áitiúil ag an bpointe tuairiscithe ag an suíomh deireanach, i gcás inar tháinig ball den aerchriú chun bheith clíomaithe le linn na huainíochta;

(3) ciallaíonn ‘foireann eitilte mhéadaithe’ foireann eitilte ar a bhfuil níos mó ball ná an líon íosta is gá chun an t-aerárthach a oibriú, rud a ligeann do gach ball den fhoireann eitilte an post a shanntar dó a fhágáil chun críche scíthe ar bord agus an t-aerárthach san aer agus do bhall eile den fhoireann eitilte atá cáilithe go hiomchuí teacht ina ionad;

(4) ciallaíonn ‘aistriú soir siar nó siar soir’ aistriú trí amchrios an ama tagartha (amchrios idirthréimhseach) ó sheicheamh dualgas agus idirstadanna i bpatrún soir go seicheamh dualgas agus idirstadanna i bpatrún siar nó *vice versa*, agus ceithre amchrios nó níos mó á dtrasnú i ngach seicheamh.

(5) ciallaíonn ‘tuirse’ staid fhiseolaíoch ina bhfuil cumas feidhmíochta meabhrach nó coirp duine laghdaithe de dheasca caillteanas codlata, múscailteacht fhadaithe, na céime den rithim laethúil nó ualach oibre (gníomhaíocht mheabhrach nó choirp, nó an dá rud), nó de dheasca meascán díobh sin, a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh d’airdeall agus do chumas baill den aerchriú dualgais oibríochtúla a bhaineann le sábháilteacht a dhéanamh;

(6) ciallaíonn ‘scíth ar bord’, chun críche síntí FDP agus fuireachais, ceachtar díobh seo a leanas:

(1) tréimhse aga eitilte i gcéim chúrsála na heitilte, ar lena linn a dhéantar ball den aerchriú a oibríonn le foireann eitilte mhéadaithe a scaoileadh ó aon chúram agus a ligeann sé a scíth i saoráid scíthe ar bord a chomhlíonann an caighdeán is gá;

(2) tréimhse ama agus an t-eitleán ar an talamh, ar lena linn a dhéantar ball den aerchriú a oibríonn le foireann eitilte mhéadaithe a scaoileadh ó aon chúram agus a ligeann sé a scíth i saoráid scíthe ar bord a chomhlíonann an caighdeán is gá;

(7) ciallaíonn ‘ionadú’ ceachtar díobh seo a leanas:

(1) ball den aerchriú nach ball ar seirbhís é a aistriú ó áit amháin go háit eile arna iarraidh sin don oibreoir, cé is moite den dá rud seo a leanas:

– an t-am a chaitear ag taisteal ó áit scíthe phríobháideach go dtí an áit tuairiscithe ainmnithe ag an mbunáit agus *vice versa*,

– an t-am a chaitear ag aistriú go háitiúil ó áit scíthe go dtí an áit a dtosaítear an dualgas agus *vice versa*;

(2) oibriú eitleáin ag ball den fhoireann eitilte, arna iarraidh sin don oibreoir, ar eitilt neamhthráchtála díreach roimh an chéad chéim aeriompair tráchtála nó díreach tar éis na céime aeriompair tráchtála deiridh;

(8) ciallaíonn 'dualgas dhá sheal' FDP ina n-áirítear sos aonair ar an talamh idir céimeanna eitilte a oibriú, a mhairfidh sách fada chun go bhféadfar síneadh a chur leis an mbun-FDP laethúil uasta faoi choinníollacha sonraithe;

(9) ciallaíonn 'imthosca oibríochtúla gan choinne' dálaí gan choinne nárbh fhéidir a thuar ná a chur san áireamh go réasúnta, amhail drochaimsir, mífheidhmiú trealaimh, moill ar rialú aerthráchta, a bhféadfadh coigeartuithe oibríochtúla riachtanacha a bheith mar thoradh orthu.

**ORO.FTL.111 Freagrachtaí an oibreora**

Déanfaidh an t-oibreoir an méid seo a leanas:

(b) uainchláir dualgas a fhoilsiú roimh ré chun deis a thabhairt do bhaill den aerchriú tréimhse leordhóthanach scíthe a phleanáil;

(c) nós imeachta agus modh a bhunú chun cumarsáid a dhéanamh le baill den aerchriú trína dtabharfar fógra faoi athruithe ar uainchláir dualgas agus ar thréimhsí scíthe;

(d) a áirithiú go ndéanfar tréimhsí dualgais eitilte a phleanáil ar bhealach a fhágfaidh nach dtiocfaidh tuirse ar bhall den aerchriú ionas go mbeidh sé in ann feidhmiú ar leibhéal sásúil sábháilteachta i ngach cás;

(e) amanna tuairiscithe agus scaoilte a bhunú agus a fhoilsiú, agus cineál agus castacht na hoibríochta á gcur san áireamh, chun a áirithiú go mbeidh am leordhóthanach ag an bhfoireann eitilte na dualgais réamheitilte agus iareitilte uile is gá a chur i gcrích agus na hamanna tuairiscithe agus scaoilte iarbhír a thaifeadadh;

(f) an gaol idir minicíocht agus patrún na dtréimhsí dualgais eitilte agus na dtréimhsí scíthe a chur san áireamh agus breithniú a dhéanamh ar na héifeachtaí carnacha a bhaineann le bheith ag gabháil d'uaireanta fada dualgais gan ach íostréimhsí scíthe;

(g) patrúin dualgais a leithdháileadh lena seachnaítear cleachtais a chuireann isteach go mór ar phatrún codlata/oibre seanbhunaithe, amhail dualgais lae/oíche a mhalartú;

(h) na forálacha a bhaineann le sceidil shuaiteacha i gcomhréir le pointe ARO.OPS.230 d'Iarscríbhinn II (Cuid-ARO) a chomhlíonadh;

(i) tréimhsí sosa a chur ar fáil a mbeidh a ndóthain ama ag baill den aerchriú chun a chur ar a gcumas éifeachtaí na ndualgas roimhe sin a chur díobh agus a bheith tagtha chucu féin faoi thús na chéad tréimhse dualgais eitilte eile.

(j) tréimhsí fadaithe athfhillteacha scíthe téarnaimh a phleanáil agus fógra a thabhairt do na baill den aerchriú fúthu roimh ré;

(k) dualgais eitilte a phleanáil sa chaoi go gcuirfear i gcrích iad laistigh den tréimhse dualgais eitilte incheadaithe agus an t-am is gá le haghaidh dualgais réamheitilte, le haghaidh na céime agus le haghaidh agaí athluchtaithe á gcur san áireamh;

(l) faireachán a dhéanamh ar stóinseacht oibríochtúil uainchlár agus socruithe aerchriú a oiriúnú de réir mar is gá;

(m) bainistiú riosca tuirse a chur chun feidhme, le tacaíocht ón gcóras bainistíochta i gcomhréir le pointe ORO.GEN.200, lena n-áirítear FRM iomchuí i gcás inar gá, nó le FRMS i gcomhréir le pointe ORO.FTL.120, i gcás inar gá.

**ORO.FTL.116 Freagrachtaí aerchriú**

(a) Comhlíonfaidh an t-aerchriú na hoibleagáidí uile seo a leanas:

(1) cloí leis na teorainneacha ama eitilte agus na dualgais uile (FTL) agus na ceanglais scíthe is infheidhme maidir lena chuid gníomhaíochtaí;

(2) má tá a chuid dualgas á ndéanamh aige ar níos mó ná oibreoir amháin, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(1) a dtaifid aonair a choinneáil maidir le hagaí eitilte agus dualgais agus tréimhsí scíthe dá dtagraítear sna ceanglais FTL is infheidhme;

(2) na sonraí is gá chun gníomhaíochtaí a sceidealú i gcomhréir leis na ceanglais FTL is infheidhme a sholáthar do gach oibreoir;

(3) an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna agus na saoráidí scíthe a chuirtear ar fáil agus a dtréimhsí scíthe a phleanáil agus a úsáid i gceart.

(b) Ní dhéanfaidh baill den aerchriú dualgais ar aerárthach más eol dóibh nó má tá amhras orthu go bhfuil tuirse orthu nó má bhraitheann siad mí-oiriúnach ar bhealach eile, a mhéid a d'fhéadfaí sábháilteacht na heitilte a chur i mbaol.

(c) Déanfaidh baill den aerchriú amanna tuairiscithe agus scaoilte iarbhír a ndualgas laethúil a logáil i ndoiciméadacht oifigiúil an oibreora.

**ORO.FTL.126 Scéimeanna aonair um shonrú aga eitilte (IFTSSanna) AEMS agus oibreoirí tacsaí aeir**

(a) Déanfaidh an t-oibreoir scéim aonair um shonrú aga eitilte (IFTSS) a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil:

(1) a bheidh iomchuí le haghaidh an chineáil/na gcineálacha oibríochta a fheidhmítear;

(2) a chomhlíonfaidh na ceanglais fhíor-riachtanacha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 agus rialacha cur chun feidhme ábhartha an Rialacháin sin;

(3) a chomhlíonfaidh reachtaíocht eile is infheidhme, lena n-áirítear an dlí náisiúnta is infheidhme a eascraíonn as trasuí Threoir 2000/79/CE.

(b) Chun a léiriú go gcomhlíontar pointe (a), cuirfidh an t-oibreoir na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme arna nglacadh ag an nGníomhaireacht i bhfeidhm.

De rogha air sin, má tá sé beartaithe ag an oibreoir imeacht ó na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme, cuirfidh sé cás sábháilteachta, in éineacht leis an

iarratas ar fhormheas IFTSS, faoi bhráid an údaráis inniúil ina n-áireofar gach ceann díobh seo a leanas:

(1) tuairisc mhionsonraithe ar an imeacht sin atá beartaithe;

(2) measúnú ar na rioscaí tuirse gaolmhara agus ar na bearta maolaithe comhfhreagracha chun a áirithiú go bhfanfaidh an riosca ar leibhéal inghlactha;

(3) aon leasú ábhartha ar lámhleabhair nó ar nósanna imeachta.

Má tá sé beartaithe ag an oibreoir imeacht ó na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme, léireoidh sé don údarás inniúil freisin gur chuir sé san áireamh go cuí an tuairim ón nGníomhaireacht arna heisiúint i gcomhréir le hAirteagal 76(7) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(c) Roimh an gcur chun feidhme, déanfaidh an t-údarás inniúil IFTSS — lena n-áirítear, i gcás inar gá, FRMS nó FRM iomchuí — a fhormheas i gcomhréir le pointe ARO.OPS.235 d'Iarscríbhinn II (Cuid-ARO).

(d) Chun críoch an mheasúnaithe dá dtagraítear i bpointe ARO.OPS.235(d) d'Iarscríbhinn II (Cuid-ARO), laistigh de 2 bhliain ó chuirtear chun feidhme IFTSS a imíonn ó na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht, baileoidh an t-oibreoir sonraí a bhaineann leis an imeacht formheasta agus déanfaidh sé anailís orthu agus úsáid á baint as prionsabail atá fónta ó thaobh na heolaíochta de chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí ar thuirse aerchriú. Cuirfear torthaí na hanailíse sin faoi bhráid an údaráis inniúil i bhfoirm tuarascála.

**ORO.FTL.201 Bunáit**

(a) Sannfaidh an t-oibreoir bunáit do gach ball den aerchriú.

(b) Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS na coinníollacha maidir le hathrú bunáite i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme.

**ORO.FTL.206 Tréimhse dualgais eitilte (FDP)**

(a) Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS an bun-FDP laethúil uasta den aerchriú clíomaithe a oibríonn le foireann eitilte aonphíolóta nó le foireann eitilte ar a bhfuil beirt phíolótaí, i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme. Cuirfear san áireamh sa bhun-FDP laethúil uasta sin, i ngach cás, an t-am tuairiscithe agus an líon céimeanna a eitlítear agus ní bheidh sé níos faide ná 13 uair an chloig. Féadfaidh an t-oibreoir imeacht ó na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme má tá FRMS feidhmiúil agus éifeachtach aige i gcomhréir le pointe ORO.FTL.120.

(b) Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS an bun-FDP laethúil uasta den aerchriú nach eol staid a chlíomaithe agus a oibríonn le foireann eitilte aonphíolóta nó le foireann eitilte ar a bhfuil beirt phíolótaí, i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme. Féadfar síneadh a chur leis an mbun-FDP laethúil uasta den aerchriú nach eol staid a chlíomaithe agus a oibríonn le foireann eitilte ar a bhfuil beirt phíolótaí, i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme, ar choinníoll go bhfuil FRMS feidhmiúil agus éifeachtach ag an oibreoir i gcomhréir le pointe ORO.FTL.120.

(c) Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS an bun-FDP laethúil uasta fadaithe, gan scíth ar bord, den aerchriú clíomaithe a oibríonn le foireann eitilte ar a bhfuil beirt

phíolótaí, i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme. Cuirfidh an t-oibreoir an méid seo a leanas san áireamh, i ngach cás:

(1) déanfar gach síneadh a phleanáil roimh ré;

(2) féadfar dhá shíneadh ar a mhéad a úsáid i gcaitheamh aon tréimhse 7 lá as a chéile;

(3) ní bheidh aon síneadh níos faide ná 1 uair an chloig amháin;

(4) déanfar na híostréimhsí scíthe réamheitilte agus iareitilte a mhéadú 2 uair an chloig, nó déanfar an tréimhse scíthe iareitilte a mhéadú 4 uair an chloig; i gcás ina n-úsáidtear síntí le haghaidh FDPanna as a chéile, is as a chéile a sholáthrófar an scíth bhreise réamheitilte agus iareitilte idir an dá FDP fhadaithe;

(5) ní dhéanfar síneadh gan scíth ar bord a chomhcheangal le síntí de dhroim scíth ar bord nó dualgas dhá sheal sa tréimhse dualgais chéanna.

(d) Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS an bun-FDP laethúil uasta fadaithe de bharr scíth ar bord san aer agus de bharr mhéadú na foirne eitilte íosta beirt phíolótaí, i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme. Cuirfidh an t-oibreoir an méid seo a leanas san áireamh, i ngach cás:

(1) leibhéal méadaithe na foirne eitilte íosta;

(2) cineál agus caighdeán na saoráidí scíthe ar bord;

(3) an íostréimhse scíthe ar bord a leithdháilfear ar gach ball den aerchriú;

(4) an íostréimhse scíthe ar bord a leithdháilfear ar gach ball den fhoireann eitilte a bheidh ag na rialtáin don tuirlingt deiridh;

(5) na coinníollacha faoina bhféadfar síneadh breise le FDP a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear i gcás ina mbítear ag oibriú faoi FRMS éifeachtach agus feidhmiúil i gcomhréir le pointe ORO.FTL.120.

(e) Le linn misean AEMS leanúnach, féadfar síneadh suas le 2 uair an chloig a chur leis an mbun-FDP laethúil uasta den aerchriú clíomaithe a oibríonn le foireann eitilte ar a bhfuil beirt phíolótaí, mar a shonraítear sna sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme, i gcás inar gá sin chun an misean a chur i gcrích. Áireoidh an t-oibreoir ina IFTSS na coinníollacha chun an síneadh sin a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear conas a dhéanfar faireachán ar a úsáid agus conas a mhaolófar na héifeachtaí gaolmhara ar thréimhsí dualgais agus scíthe ina dhiaidh sin.

(f) Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS na coinníollacha faoina bhféadfaidh an ceannasaí na teorainneacha ar thréimhsí dualgais eitilte, dualgais agus scíthe a mhodhnú i gcás imthosca oibríochtúla gan choinne, i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme. Cuirfidh an t-oibreoir beartas neamhphionósach chun feidhme maidir le feidhmiú nó neamhfheidhmiú rogha an cheannasaí in imthosca oibríochtúla gan choinne.

(g) Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS an nós imeachta um thuairisciú moillithe, lena n-áirítear na coinníollacha faoina ngníomhachtaítear é, i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme.

**ORO.FTL.211 Agaí eitilte agus tréimhsí dualgais**

(a) Na tréimhsí dualgais iomlána a fhéadfar a shannadh do bhall aonair den aerchriú, ní bheidh siad níos faide ná:

(1) 60 uair dualgais in aon tréimhse 7 lá as a chéile;

(2) 110 n-uair dualgais in aon tréimhse 14 lá as a chéile;

(3) 190 uair dualgais in aon tréimhse 28 lá as a chéile, agus iad scaipthe chomh cothrom agus is féidir i gcaitheamh na tréimhse sin;

(4) 2 000 uair dualgais in 1 bhliain féilire amháin.

(b) De mhaolú ar phointe (a)(1), féadfaidh na huaireanta dualgais iomlána in aon tréimhse 7 lá as a chéile a bheith 10 n-uair an chloig ar a mhéad níos faide, ar choinníoll nach n-úsáidtear an sárú sin ach amháin chun ball den aerchriú nach ball ar seirbhís é a ionadú ar ais ina bhunáit chun tús a chur le tréimhse fhadaithe scíthe téarnaimh, agus ar choinníoll go ndéanfaidh an t-oibreoir:

(1) measúnú riosca chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an tsáraithe ar thuirse, agus breithniú á dhéanamh ar an am den lá, ar fhad agus ar cháilíocht na scíthe roimhe sin, agus ar na héilimh ar dhualgas uainchláir atá le teacht, i measc nithe eile;

(2) bearta maolaithe leordhóthanacha a phleanáil, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh: teorainneacha ar mhinicíocht na sáruithe laistigh de thréimhse shonraithe; tréimhse fhadaithe scíthe téarnaimh 72 uair an chloig ar a laghad a sholáthar, lena n-áirítear dhá oíche áitiúla; agus faireachán leanúnach ar éifeachtacht na rialuithe riosca sábháilteachta tuirse agus ar chomhlíonadh;

(3) taifid a choimeád de na sáruithe agus de na coinníollacha faoinar úsáideadh iad;

(4) tuairisc a thabhairt ar théarmaí an tsáraithe ina IFTSS.

(c) De mhaolú ar phointe (a)(1), in oibríochtaí AEMS ina bhfuil beirt phíolótaí ar an bhfoireann eitilte, féadfaidh na huaireanta dualgais iomlána in aon tréimhse 7 lá as a chéile a bheith 30 uair an chloig ar a mhéad níos faide, ar choinníoll go ndéanfaidh an t-oibreoir:

(1) measúnú riosca chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an tsáraithe ar thuirse agus breithniú á dhéanamh ar an am den lá, ar nochtadh do dhualgas oíche, ar a strusmhaire atá an cúram ó thaobh leighis nó an othair de, agus ar na héilimh ar dhualgas uainchláir atá le teacht, i measc nithe eile;

(2) bearta maolaithe leordhóthanacha a phleanáil, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh: teorainneacha ar mhinicíocht na sáruithe laistigh de thréimhse shonraithe; tréimhse fhadaithe scíthe téarnaimh 72 uair an chloig ar a laghad a sholáthar, lena n-áirítear dhá oíche áitiúla; agus faireachán leanúnach ar éifeachtacht na rialuithe riosca sábháilteachta tuirse agus ar chomhlíonadh;

(3) taifid a choimeád de na sáruithe agus de na coinníollacha faoinar úsáideadh iad;

(4) tuairisc a thabhairt ar théarmaí an tsáraithe ina IFTSS.

(d) Aga eitilte iomlán na gcéimeanna ar dóibh a shanntar ball aonair den aerchriú mar bhall ar seirbhís, ní bheidh sé níos faide ná:

(1) 100 uair an chloig d'aga eitilte in aon tréimhse 28 lá as a chéile;

(2) 900 uair an chloig d'aga eitilte in 1 bhliain féilire amháin;

(3) 1 000 uair an chloig d'aga eitilte in aon tréimhse 12 mhí féilire as a chéile.

(e) Is mar thréimhse dualgais a chomhairfear dualgas iareitilte.

**ORO.FTL.216 Ionadú**

(a) Is mar FDP a chomhairfear ball den aerchriú nach ball ar seirbhís é a ionadú tar éis tuairisciú ach roimh oibriú dó, gan tréimhse scíthe eatarthu, ach ní chomhairfear mar chéim é.

(b) An t-am uile a chaitear ar ionadú, is mar thréimhse dualgais a chomhairfear é.

(c) Is mar FDP agus mar chéim a chomhairfear ball den aerchriú, ar ball ar seirbhís é, a ionadú ar eitilt neamhthráchtála sula n-oibrítear eitilt CAT amháin nó níos mó, nó tar éis an eitilt nó na heitiltí sin a oibriú, gan tréimhse scíthe eatarthu.

(d) Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS, i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme, tionchar an dá ní seo a leanas ar an FDP uasta:

(1) an fad ama a thógann sé ball den aerchriú nach ball ar seirbhís é a ionadú;

(2) modh iompair baill den aerchriú nach ball ar seirbhís é.

**ORO.FTL.221 Dualgas dhá sheal**

Na coinníollacha maidir le síneadh a chur leis an mbun-FDP laethúil uasta den aerchriú a oibríonn le foireann eitilte ar a bhfuil beirt phíolótaí, mar gheall ar shos ar an talamh idir dhá sheal dualgais, beidh siad i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS na heilimintí seo a leanas maidir le dualgas dhá sheal i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme:

(1) an fad ama íosta a bheidh i sos ar an talamh idir dhá sheal dualgais;

(2) an síneadh leis an FDP ag brath ar fhad an tsosa idir dhá sheal dualgais;

(3) na saoráidí scíthe a sholáthraítear don fhoireann eitilte agus fad an tsosa idir dhá sheal dualgais agus tosca ábhartha eile á gcur san áireamh;

(4) an fhéidearthacht go gcuirfí síneadh le dualgas dhá sheal tar éis thús an FDP;

(b) is mar FDP a chomhairfear an sos iomlán ar an talamh idir dhá sheal dualgais;

(c) ní shannfar dualgas dhá sheal roimh scíth laghdaithe nó ina diaidh i gcomhréir le pointe ORO.FTL.236(c).

**ORO.FTL.226 Fuireachas agus dualgais ag an aerfort**

(a) Beidh fuireachas agus dualgais ag an aerfort san uainchlár. Tabharfar fógra roimh ré do na baill den fhoireann eitilte lena mbaineann maidir le hamanna tosaigh agus deiridh na tréimhse infhaighteachta fuireachais chun deis a thabhairt dóibh scíth leordhóthanach a phleanáil.

(b) Measfar ball den aerchriú a bheith ar fuireachas ag an aerfort ó thuairiscíonn sé ag an bpointe tuairiscithe go dtí deireadh na tréimhse infhaighteachta fuireachais ag an aerfort a dtugtar fógra fúithi.

(c) Is mar thréimhse dualgais a chomhairfear fuireachas ag an aerfort ina iomláine chun críoch phointí ORO.FTL.211 agus ORO.FTL.236.

(d) Déanfar aon dualgas ag an aerfort a chomhaireamh ina iomláine mar thréimhse dualgais agus comhairfear an FDP ina iomláine ón am tuairiscithe dualgais ag an aerfort.

(e) Soláthróidh an t-oibreoir cóiríocht nó saoráid scíthe d'Aicme A do bhaill den aerchriú atá ar fuireachas ag an aerfort, ar choinníoll go dtugann an tsaoráid scíthe d'Aicme A caoi dóibh solas agus teocht a rialú agus go n-áirithíonn sí go mbeidh siad leithlisithe ó thorann agus ó shuaitheadh.

(f) Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS na heilimintí seo a leanas maidir le fuireachas agus dualgais ag an aerfort, i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme:

(1) fad uasta aon tréimhse infhaighteachta fuireachais;

(2) an tionchar ar an FDP laethúil uasta a imríonn an t-am a chaitear ar fuireachas, agus na saoráidí scíthe atá ar fáil agus tosca ábhartha eile á gcur san áireamh, lena n-áirítear:

(i) an gá atá leis an aerchriú a bheith ullamh láithreach;

(ii) a mhéid a chuireann fuireachas isteach ar chodladh;

(iii) fógra leordhóthanach a thabhairt chun deis chodlata a chosaint idir an glao ar dhualgas agus an FDP sannta;

(3) an íostréimhse scíthe tar éis tréimhse infhaighteachta fuireachais nach sanntar FDP mar thoradh uirthi;

(4) an modh chun tréimhse eile fuireachais a chomhaireamh chun dualgas carnach a ríomh.

**ORO.FTL.231 Cúltaca**

(a) Beidh cúltaca san uainchlár.

(b) Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS na heilimintí cúltaca seo a leanas i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme:

(1) fad uasta aon tréimhse chúltaca aonair;

(2) an líon laethanta cúltaca as a chéile a fhéadfar a shannadh do bhall den aerchriú.

**ORO.FTL.236 Tréimhsí scíthe**

(a) Íostréimhse scíthe sa bhunáit

(1) An íostréimhse scíthe a sholáthrófar sula ngabhfar do FDP a thosóidh ag an mbunáit, beidh sí ar a laghad chomh fada leis an tréimhse dualgais roimhe sin, nó 12 uair an chloig, cibé acu is mó.

(2) De mhaolú ar phointe (1), beidh feidhm ag an íostréimhse scíthe dá bhforáiltear faoi phointe (b) má sholáthraíonn an t-oibreoir cóiríocht oiriúnach don bhall den aerchriú ag an mbunáit.

(b) Íostréimhse scíthe ar shiúl ón mbunáit

An íostréimhse scíthe a chuirfear ar fáil sula ngabhfar do FDP ag thosóidh ar shiúl ón mbunáit, beidh sí ar a laghad chomh fada leis an tréimhse dualgais roimhe sin, nó 10 n-uair an chloig, cibé acu is mó. Áireofar sa tréimhse sin deis chodlata 8 n-uair an chloig i dteannta an ama le haghaidh taistil agus riachtanais fhiseolaíocha.

(c) Scíth laghdaithe

(1) De mhaolú ar phointí (a) agus (b), féadfar na híostréimhsí scíthe ag an mbunáit nó ar shiúl ón mbunáit a laghdú, ar choinníoll nach gcuirfear scíth laghdaithe i bhfeidhm ach amháin faoi FRMS éifeachtach agus feidhmiúil i gcomhréir le pointe ORO.FTL.120.

(2) Saineoidh an t-oibreoir ina IFTSS na coinníollacha maidir le scíth laghdaithe, i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme, agus na nithe uile seo a leanas á gcur san áireamh:

(i) an íostréimhse scíthe laghdaithe;

(ii) staid chlíomaithe an bhaill den aerchriú;

(iii) cé acu a áirítear nó nach n-áirítear oícheanta áitiúla sa tréimhse scíthe;

(iv) trasnuithe amchriosanna;

(v) an meascán d'aga eitilte agus d'ionadú díreach roimh an tréimhse scíthe laghdaithe;

(vi) an t-am taistil chuig an áit scíthe agus uaithi.

(d) Tréimhsí fadaithe athfhillteacha scíthe téarnaimh

Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS tréimhsí fadaithe athfhillteacha scíthe téarnaimh chun an tuirse charnach a chúiteamh. Is é 36 uair an chloig an íostréimhse fhadaithe athfhillteach scíthe téarnaimh, lena n-áirítear dhá oíche áitiúla, agus in aon chás ní faide ná 168 n-uair an chloig a bheidh an t-am idir deireadh tréimhse fadaithe athfhilltí scíthe téarnaimh amháin agus tús na chéad tréimhse fadaithe scíthe téarnaimh eile. Déanfar an tréimhse fhadaithe athfhillteach scíthe téarnaimh a mhéadú go 2 lá áitiúla faoi dhó gach mí.

(e) Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS tréimhsí scíthe breise, i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme, chun na nithe seo a leanas a chúiteamh:

(1) éifeachtaí difríochtaí amchreasa agus síntí FDP;

(2) tuirse charnach bhreise de dheasca sceidil shuaiteacha;

(3) aistriú céime na rithime laethúla le linn an aistrithe soir siar nó siar soir.

**ORO.FTL.241 Cothú**

(a) Beidh deis ann béile agus deoch a fháil le linn an FDP ionas nach ndéanfar aon dochar d'fheidhmíocht an aerchriú.

(b) Sonróidh an t-oibreoir ina IFTSS conas a áirithítear go gcothófar ball den aerchriú le linn FDP agus fad an FDP, an rithim laethúil agus na gnáthamanna béile, ar a laghad, á gcur san áireamh, agus i gcásanna nach féidir ithe ná ól le linn oibríochtaí eitilte.

**ORO.FTL.246 Taifid ar bhunáit, agaí eitilte, agus tréimhsí dualgais agus scíthe**

(a) Coimeádfaidh an t-oibreoir na nithe seo a leanas ar feadh tréimhse 24 mhí:

(1) taifid aonair le haghaidh gach baill den aerchriú lena n-áirítear:

(1) agaí eitilte;

(2) tús, fad agus deireadh gach tréimhse dualgais agus FDP;

(3) tréimhsí scíthe agus laethanta saor ó gach dualgas;

(4) bunáit shannta;

(2) tuarascálacha maidir le tréimhsí dualgais eitilte fadaithe agus tréimhsí scíthe laghdaithe.

(b) Arna iarraidh sin, soláthróidh an t-oibreoir cóipeanna de thaifid aonair ar agaí eitilte, tréimhsí dualgais agus tréimhsí scíthe dóibh siúd lena mbaineann:

(1) an ball den aerchriú lena mbaineann;

(2) oibreoir eile, i ndáil le ball den aerchriú atá ina bhall den aerchriú an oibreora lena mbaineann nó a thiocfaidh chun bheith ina bhall den aerchriú an oibreora lena mbaineann;

(3) an t-údarás inniúil.

(c) Na taifid dá dtagraítear i bpointe CAT.GEN.MPA.100(b)(5) d'Iarscríbhinn IV (Cuid-CAT) i ndáil le baill den aerchriú a ghabhann do dhualgais le haghaidh níos mó ná oibreoir amháin, coimeádfar iad ar feadh tréimhse 24 mhí.

**ORO.FTL.251 Oiliúint i mbainistiú tuirse**

(a) Cuirfidh an t-oibreoir oiliúint tosaigh agus thréimhsiúil i mbainistiú tuirse ar fáil dá bhaill den aerchriú, don phearsanra atá freagrach as uainchláir aerchriúnna a ullmhú agus a choinneáil ar bun agus don phearsanra bainistíochta lena mbaineann.

(b) Leanfaidh an oiliúint faoi phointe (a) clár oiliúna arna bhunú ag an oibreoir agus a dtugtar tuairisc air sa lámhleabhar oibríochtaí. Cumhdófar leis an siollabas oiliúna na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le tuirse agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith uirthi agus bearta in aghaidh tuirse, chomh maith le gnéithe praiticiúla.'.